Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10050/26**

**SOC 308**
**EMPL 139**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú<br>Ceapachán Ella GREDIE, comhalta do Lucsamburg, in ionad Philippe HECK, atá éirithe as oifig<br>- *Glacadh* |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Philippe HECK éirithe as mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe eagraíochtaí na bhfostóirí (thar ceann Lucsamburg).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Bhord Bainistíochta.

[1] OJ L 30, 31.1.2019, p. 74.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Ella GREDIE ainmnithe ag eagraíocht na bhfostóirí BusinessEurope don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle, lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú, mar a leagtar amach in 10049/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.